

Moltaí maidir le húsáid Am Gairmiúil don Oideachas Reiligiúin sa tSraith Shóisearach

Is ionann am gairmiúil do mhúinteoirí agus am nach mbíonn aon teagmháil le scoláirí ann. Baineann múinteoirí úsáid as an am leithdháilte chun a bheith rannpháirteach i réimse de gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha a chabhróidh leo an tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh an t-am sin deis do mhúinteoirí dul i gceann gníomhaíochtaí áirithe sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don Scoil Uile chun cabhrú leis an tSraith Shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla múinteoirí aonair agus roinn ábhair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir atá á n-ullmhú don PGSS
- Freastal ar chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Ullmhúchán i gcomhair cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus iad a stiúradh
- Na Tascanna Measúnaithe a riar agus a reáchtáil sna seomraí ranga

Sa doiciméad seo faightear liosta moltaí ar bhealaí ab fhéidir le múinteoirí Oideachas Reiligiúin an 22 uair d'am gairmiúil a thugtar dóibh a úsáid. Clúdaítear sna moltaí deiseanna le haghaidh múinteoirí aonair chomh maith le gníomhaíochtaí don roinn ábhair.

Is den tábhacht go n-aithnítear go mbeidh riachtanais agus tosaíochtaí difriúla ag gach ábhar. Is féidir gur 2 uair an chloig d'am gairmiúil mhúinteoirí Oideachas Reiligiúin a bheadh i gceist leis na cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a thionól, idir MRB 1 agus MRB 2, in aon bhliain acadúil amháin. Níl sna moltaí thíos ach é sin go díreach, moltaí. Is faoi bhainistíocht gach scoile, roinn ábhair agus múinteoir aonair an 22 uair d'am gairmiúil a shocrú ar bhealach a oibríonn dóibh féin.

Bealaí éagsúla inar féidir úsáid a bhaint as d'am



An Scoil Uile

- I gcomhar le chéile aghaidh a thabhairt ar Chreat na Sraithe Sóisearaí (2015) agus ar ghnéithe ábhartha chun bonn eolais a chur faoin gcleachtas s'agaibh
- Plé agus cruinnithe sa Scoil Uile ar impleachtaí an Chreata ar theagasc, foghlaim cleachtas an mheasúnaithe agus an tuairiscithe
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh a thacaíonn le folláine thar na réimsí ábhar uile
- Gníomhaíochtaí Machnaimh don Scoil Uile ar cheann amháin de na ceithre réimse ón doiciméad Ag Breathnú ar an Scoil Againne

Ar bhonn aonair

- Aghaidh a thabhairt ar Chreat na Sraithe Sóisearaí (2015) agus ar ghnéithe ábhartha chun bonn eolais a chur faoin gcleachtas s'agat
- Tabhairt faoin tSonraíocht Ábhair d' Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí ar www.curriculumonline.ie
- Acmhainní a aimsiú, a bheadh ag cabhrú le teagasc, foghlaim agus measúnú laistigh de réimsí na sonraíochta don Oideachas Reiligiúin
- Tús a chur le hacmhainní agus straitéisí ranga a bhailiú nó a chruthú a chabhróidh leis an mbaint a bhíonn ag scoláirí leis na torthaí foghlama agus iad a roinnt le baill eile i roinn an Oideachais Reiligiúin
- Tuilleadh deiseanna FGL a lorg ar líne ón SSM nó acmhainní eile (www.jct.ie)

Roinn an Ábhair

- Oibriú i dtreo cur chuige comhoibríoch a fhorbairt i leith na pleanála ag baint úsáid as torthaí foghlama
- Dul i ngleic le hacmhainní agus le straitéisí ranga ar www.jct.ie
- Acmhainní agus modheolaíochtaí rathúla a roinnt agus machnamh a dhéanamh ar chleachtas reatha sa tseomra ranga
- Gnásanna measúnaithe foirmitheacha a mheas, a chruthú agus a aontú chun tacú le foghlaim in Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí
- Meabhrú ar thaisce acmhainní comhroinnte a chruthú ar an bhfreastalaí

**Am Gairmiúil
2018 agus
Amach Anseo**

